Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Bealtaine 2021
(OR. en)

9215/21

BETREG 12
COMPET 433

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	27 Bealtaine 2021
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	8177/21
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir le teicneolaíochtaí sonraí chun feabhas a chur ar 'Rialáil Níos Fearr' *(gníomhaíocht neamhreachtach)*

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí maidir le teicneolaíochtaí sonraí chun feabhas a chur ar 'Rialáil Níos Fearr' (gníomhaíocht neamhreachtach), mar a ghlac an Chomhairle (Iomaíochas) iad ag an gcruinniú a bhí aici an 27 Bealtaine 2021.

CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE TEICNEOLAÍOCHTAÍ SONRAÍ CHUN FEABHAS A CHUR AR 'RIALÁIL NÍOS FEARR'

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:

1. **ADMHAÍONN SÍ** gur dúshlán eacnamaíoch agus sóisialta é don Aontas an téarnamh ó éifeachtaí phaindéim COVID-19, agus **ATHDHEARBHAÍONN SÍ** nach mór, chun freagairt ar an dúshlán sin, creat rialála an Aontais a bheith chomh hiomaíoch, éifeachtach, éifeachtúil, comhleanúnach, intuartha, fabhrach don nuálaíocht, slán i bhfad na haimsire, inbhuanaithe agus athléimneach is féidir[1].

2. **AITHNÍONN SÍ** nach mór áit tosaíochta ar an gclár oibre a thabhairt don Rialáil Níos Fearr agus cur chuige iomlán uileghabhálach a ghlacadh d'fhonn cur leis an bhfás, an iomaíochas, an dea-bhail shóisialta agus, i measc nithe eile, le haistriú glas agus aistriú digiteach an Aontais agus le feidhmiú cuí an Mhargaidh Aonair.

3. **ATHDHEARBHAÍONN SÍ** go bhfuil Rialáil Níos Fearr ar cheann de na nithe is mó a spreagann an fás cuimsitheach inbhuanaithe, rud a chothaíonn iomaíochas agus nuálaíocht, a chumasaíonn an digitiú agus cruthú post agus a mhéadaíonn an trédhearcacht agus tacaíocht an phobail do reachtaíocht an Aontais; i ndáil leis sin, **TAGRAÍONN SÍ** do na conclúidí ón gComhairle ó mhí na Nollag 2014[2], Bealtaine 2016[3], Samhain 2018[4], Samhain 2019[5] agus Feabhra agus Samhain 2020[6]; **MEABHRAÍTEAR DI** go bhfuil freagracht chomhpháirteach ar Pharlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún as reachtaíocht ardcháilíochta de chuid an Aontais a chur ar fáil, mar atá aitheanta ag na trí institiúid sin sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[7].

---

[1] 13026/20
[2] 16000/14
[3] 95/80/16
[4] 14137/18
[5] 14656/19
[6] 6232/20 agus 13026/20
[7] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (aithris 2).

4. **ADMHAÍONN SÍ** go bhfuil ar an Aontas agus ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar athruithe comhshaoil, teicneolaíocha agus sochaíocha, gan stad gan staonadh, ar athruithe suaiteacha iad uaireanta, agus nach mór gur féidir reachtaíocht an Aontais agus na nósanna imeachta lena dtacaítear léi a chur in oiriúint do na hathruithe sin agus a bheith ullamh do dhúshláin nua.

5. **CUIREANN SÍ I dTREIS** go bhféadfadh teicneolaíochtaí sonraí cur le measúnuithe tionchair, meastóireachtaí agus fadbhreathnaitheacht níos éifeachtaí, níos éifeachtúla, níos tapa agus níos stóinsithe, chun tacú le reachtaíocht ar ardchaighdeán, oiriúnaitheach agus ar lú d'ualaí a bheadh ag dul léi.

6. **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Better regulation: taking stock and sustaining our commitment* [Rialáil níos fearr: í a mheas agus ár dtiomantas a chothú] Aibreán 2019[8], ina ndeirtear 'Baintear feidhm as uirlisí na Rialála Níos Fearr i ndomhan atá ag síorathrú ina mbíonn forbairt leanúnach ag teacht ar na dúshláin agus na tosaíochtaí beartais. (...) Sa saol seo atá ag éirí níos casta, tá sé níos tábhachtaí ná riamh tionchair thrasearnálacha a thuiscint agus na deiseanna le haghaidh sineirgí a aithint chun na freagraí iomchuí beartais a fhorbairt agus a chur chun feidhme ó thús deireadh sa timthriall beartais, ón meastóireacht go dtí an cur chun feidhme[9] [aistriúchán neamhoifigiúil]; ina theannta sin, **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Artificial Intelligence for Europe* [Intleacht Shaorga don Eoraip] ó mhí Aibreáin 2018[10], *A European Strategy for Data* [Straitéis Eorpach maidir le Sonraí] ó mhí Feabhra 2020[11], *White Paper on Artificial Intelligence* [Páipéar Bán maidir leis an Intleacht Shaorga] ó mhí Feabhra 2020[12], na Conclúidí ón gComhairle maidir le todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú ó mhí an Mheithimh 2020[13], chomh maith leis an togra le haghaidh Rialachán lena leagtar síos rialacha ó mhí Aibreáin 2021[14].

---

8 8648/19 + ADD 1
9 Leathanach. 4, an chéad mhír
10 8507/18 + ADD 1
11 6250/20
12 6266/20
13 8711/20
14 8115/21 + ADD 1 - 5

Reachtaíocht athléimneach a sheasfaidh slán i bhfad na haimsire

7. **TACAÍONN SÍ** le tiomantas leanúnach an Choimisiúin reachtaíocht atá éifeachtach, éifeachtúil, slán i bhfad na haimsire agus teicneolaíocht-neodrach a chur ar fáil i gcomhréir le prionsabail na Rialála Níos Fearr, agus é mar aidhm aige iomaíochas agus athléimneacht gheilleagar an Aontais, an dea-bhail shóisialta agus feidhmiú cuí an Mhargaidh Aonair a chur chun cinn, agus seasamh an Aontais agus é ar thús cadhnaíochta an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh a neartú agus urraim a thabhairt do luachanna an Aontais Eorpaigh agus d'acmhainneacht forbartha na nglún atá le teacht.

8. **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún feabhas a chur ar a chuid iarrachtaí páirt a thabhairt don phobal agus do gheallsealbhóirí sa phróiseas cinnteoireachta, go háirithe micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide i gcomhréir leis an bprionsabal 'Smaoinigh ar Fhiontair Bheaga ar dTús', chun a áirithiú go mbeidh reachtaíocht an Aontais soiléir, go soláthróidh sí na sochair a bhfuiltear ag súil leo agus nach gcruthóidh sí ualaí nach bhfuil gá leo, agus í slán i bhfad na haimsire agus fabhrach don nuálaíocht ag an am céanna; **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** go bhféadfadh uirlisí digiteacha a bheith ina gcuidiú chun anailís a dhéanamh ar rannchuidiú na ngeallsealbhóirí agus é a bhailiú.

Cinnteoireacht fhianaise-bhunaithe

9. **CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS** gur den riachtanas é próiseas cinnteoireachta stóinsithe fianaise-bhunaithe a bheith ann má táthar chun acmhainneacht agus rioscaí na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a thuar agus freagairt ar an athrú aeráide.

10. **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** an gá atá le sonraí iontaofa ar ardchaighdeán, arna mbailiú ag an gCoimisiún le himeacht ama i gcomhar leis na Ballstáit, le haghaidh measúnuithe tionchair, meastóireachtaí agus fadbhreathnaitheachta ar leibhéal an Aontais; **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún feabhas a chur ar a chumas nuashonrú rialta a dhéanamh ar na sonraí atá ann cheana atá ábhartha do phróiseas fónta cinnteoireachta fianaise-bhunaithe, agus oscailteacht agus (ath)úsáid na sonraí sin a uasmhéadú.

Teicneolaíochtaí sonraí mar thaca ag an Rialáil Níos Fearr

11. **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit teicneolaíochtaí sonraí a úsáid chun tacú leis an bpróiseas reachtach, go háirithe gnéithe cáilíochtúla agus cainníochtúla na measúnuithe tionchair, an fhorfheidhmithe agus an chomhlíonta, agus cuidiú chun acmhainneachtaí a shainiú lena bhféadfaí an t-ualach a laghdú i reachtaíocht nua agus seanbhunaithe de chuid an Aontais agus tacú le ceapadh reachtaíochta a bheidh níos neodraí ó thaobh na teicneolaíochta de, níos spriocdhírithe, slán i bhfad na haimsire agus ar ardchaighdeán.

12. **ADMHAÍONN SÍ** go bhféadfadh teicneolaíochtaí sonraí feabhas a chur ar an measúnú riosca[15] agus an rialáil a dhéanamh níos freagrúla i leith domhan atá ag athrú go tapa, agus a bheith dírithe níos fearr ar riachtanais, ar dhearcthaí agus ar ionchais na saoránach, an lucht riaracháin, agus gnólachtaí.

13. **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cur chuige duinelárnach a shaothrú a bheadh bunaithe ar luachanna an Aontais agus ar chearta bunúsacha agus teicneolaíochtaí sonraí á n-úsáid acu, amhail an intleacht shaorga, chun a áirithiú go mbainfear úsáid as foinsí sonraí agus modhanna ar ardchaighdeán; caighdeáin eiticiúla a chur in iúl agus a fhorfheidhmiú agus an urraim chuí á tabhairt do chroíphrionsabail, slándáil na saoránach á háirithiú, agus a n-ionchais dhlisteanacha á gcomhlíonadh ag an am céanna; agus na rioscaí a bhaineann le cosaint sonraí, príobháideachas agus sláine a bhainistiú, chun neamh-idirdhealú agus dínit an duine a áirithiú.

14. **CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS** a thábhachtaí atá comhar ar leibhéal an Aontais, an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal réigiúnach maidir le teicneolaíochtaí sonraí a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar thimthriall beartais an Aontais, lena n-áirítear i gcéim an chur chun feidhme, rud a chuirfeadh le hiarrachtaí an Aontais Eorpaigh a bheith ina cheannaire domhanda i ngeilleagar sonraíbhunaithe.

---

[15] Bosca uirlisí um Rialáil Níos Fearr, uirlis #15

15. **IARRANN SÍ** go gcruthófaí spásanna coiteanna Eorpacha sonraí, mar a thagraítear dóibh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *A European Strategy for Data* [Straitéis Eorpach maidir le Sonraí] ó mhí Feabhra 2020[16], ar cheart dóibh a bheith simplí agus a bheith bunaithe ar uirlisí idir-inoibritheacha ionas gur féidir leis na Ballstáit, más indéanta agus i gcás inarb iomchuí, sonraí a chumasc agus a chomhroinnt ar mhaithe le feabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as uirlisí rialála níos fearr, agus slándáil agus cosaint sonraí láidir á soláthar ag an am céanna i gcomhréir le dlí an Aontais.

16. **CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS** gur cheart d'fhaisnéis na hearnála poiblí a bheith ar fáil go poiblí nuair is féidir agus nuair is iomchuí, chun an trédhearcacht agus athúsáid sonraí a chothú, i gcomhréir leis an Treoir maidir le Sonraí Oscailte[17] agus leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí[18], go háirithe chun measúnuithe tionchair, meastóireachtaí agus fadbhreathnaitheacht ar leibhéal an Aontais a fheabhsú.

17. **IARRANN SÍ** go ndéanfaí iarracht chomhchoiteann chun athléimneacht na hEorpa a fheabhsú, agus chun beartais níos fearr a chur ar fáil agus creat rialála a sheasfaidh níos sláine i bhfad na haimsire, a bheidh níos fabhraí don nuálaíocht, níos intuartha, níos comhsheasmhaí agus níos éifeachtúla a bhaint amach, lena bhféadfaí torthaí nithiúla a bhaint amach go háirithe sa téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta tar éis COVID-19.

18. **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún úsáid na dteicneolaíochtaí sonraí a áireamh ina Bhosca Uirlisí um Rialáil Níos Fearr chun tacú le céimeanna reachtóireachta, idir mheasúnuithe tionchair agus na gníomhaíochtaí faoin gClár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT).

19. **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit teacht le chéile ar leibhéal an Aontais féachaint cén chaoi ar féidir úsáid teicneolaíochtaí sonraí a chur chun cinn chun tacú le reachtaíocht a bheidh sonraíbhunaithe, digiteach mar réamhshocrú agus ar ardchaighdeán, agus aird chuí á tabhairt ag an am céanna ar chreat foriomlán na Rialála Níos Fearr.

---

[16] 6250/20

[17] Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid

[18] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí)